2025/675

7.4.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/675 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Aibreán 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc — innill ghluaiste agus rothstoc paisinéirí' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh agus Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún maidir le clár na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(11) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc - innill traenach agus rothstoc paisinéirí' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh ('STI LOC&PAS').

(2) Le Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún ([3]), leagtar amach na cuspóirí sonracha ar cheart a bheith comhtháthaithe sna sonraíochtaí teicniúla maidir le hidir-inoibritheacht. I gcomhréir le hAirteagal 4(5) den Chinneadh, le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, tá athruithe le déanamh ar an nós imeachta maidir le fochórais mhóibíleacha a chur ar an margadh a chur san áireamh, lena n-áirítear na seiceálacha roimh chéadúsáid na bhfeithiclí údaraithe.

(3) Mar gheall ar an ngá atá le tacú le hiompar a bhaineann le cosaint ar fud líonraí a bhfuil sonraíochtaí teicniúla éagsúla acu, dhírigh an earnáil iarnróid agus tionscal an tsoláthair iarnróid iarraidh chuig an gCoimisiún simpliú a dhéanamh ar an bpróiseas chun feithiclí iarnróid a údarú do phearsanra a thionlacann traenacha a iompraíonn trealamh (e.g. pearsanra míleata a thionlacann trealamh a bhaineann le cosaint, comhraiceoirí dóiteáin, foireann an bhainisteoir bonneagair nó an ghnóthais iarnróid). Sainaithníodh sa mhalartú a rinne an Choimisiúin le saineolaithe an gá atá leis an raon feidhme do leasú den sórt sin a leathnú chuig catagóir níos leithne cásanna úsáide.

(4) Leis an gcreat atá ann faoi láthair maidir le sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht (STInna), is féidir feithiclí den sórt sin a údarú, lena n-áirítear seiceáil na comhlíontachta le rialacha náisiúnta. Mar sin féin, leis an bpróiseas údaraithe arna bhainistiú ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA), ceanglaítear uirthi measúnuithe a bhailiú ó Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta aonair, rud lena dtugtar isteach castacht mhór, éiginnteacht agus moilleanna sa chinnteoireacht.

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014, leagtar amach na ceanglais atá le comhlíonadh le haghaidh an phróisis údaraithe feithiclí agus cuireann sé idir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh iarnróid chun cinn ach faoi láthair ní chumhdaítear leis feithiclí iompair neamhphaisinéirí atá beartaithe pearsanra a iompar ach nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid le haghaidh seirbhís do phaisinéirí, faoi raon feidhme STI LOC&PAS.

([1]) IO L 138, 26.5.2016, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/797/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2014 maidir le sonraíocht theicniúil don idir-inoibritheacht a bhaineann le fochóras 'rothstoc — innill féinghluaiste agus rothstoc paisinéirí' chóras iarnróid an Aontais Eorpaigh (IO L 356, 12.12.2014, lch. 228, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1302/oj).

([3]) Cinneadh Tarmligthe (AE) 2017/1474 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2016/797 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cuspóirí sonracha le haghaidh sonraíochtaí teicniúla don idir-inoibritheacht a dhréachtú, a ghlacadh agus a athbhreithniú (tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2017) 3800) (IO L 210, 15.8.2017, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_del/2017/1474/oj.

(6) Trí chomhcheanglais a shainiú le haghaidh údaruithe uathúla, éascaítear an próiseas údaraithe d'fheithiclí atá le hoibriú ar ghréasán iomlán an Aontais. Déantar an t-ualach maidir le seiceálacha réamhúdaraithe, tástálacha réamhúdaraithe agus deimhniú réamhúdaraithe a cheanglaítear le rialacha náisiúnta a theorannú go dtí an t-íosmhéid is gá chun comhoiriúnacht bealaí le gréasáin nach bhfuil comhchuibhithe go fóill a áirithiú. Faoin gcoincheap sin, tá solúbthacht ag an ngnóthas iarnróid maidir le húsáid feithiclí agus tá sé d'oibleagáid air an tseiceáil ar chomhoiriúnacht bealaí a dhéanamh ag an am céanna.

(7) Is gá, dá bhrí sin, sonraíochtaí teicniúla a leagan amach maidir le húdarú uathúil feithiclí neamhphaisinéirí agus atá beartaithe chun pearsanra a iompar, amhail pearsanra míleata, pearsanra iarnróid nó comhraiceoirí dóiteáin.

(8) Chun gur féidir próiseas tapa údaraithe a chur ar fáil chun carráistí pearsanra a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar fad, ba cheart na ceanglais shonracha is infheidhme maidir le carráistí pearsanra a choigeartú chun a léiriú go bhfuil sé beartaithe na haonaid sin a oibriú laistigh de thraenacha lastais agus nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu.

(9) Thairis sin, laghdaíodh raon feidhme chás sonrach na Sualainne a bhain le córas braite an bhosca the, rud a chuireann feabhas ar cheanglais choiteanna ar leibhéal an Aontais agus dá réir sin, a théann chun tairbhe an phróisis údaraithe feithiclí.

(10) Chun an gá le rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm a sheachaint agus chun gur féidir údarú uathúil a chur ar fáil le haghaidh carráistí pearsanra, ba cheart ceanglais theoranta a shainiú, go háirithe, a mhéid a bhaineann leis an ualach uasta acastóra agus leis an uasluas. Mar gheall ar shaintréithe an trealaimh a chuireann isteach ar chórais braite traenacha, má tá nasc leictreach idir an carráiste agus an t-inneall féinghluaiste, forbrófar an srian sonrach. Chun a áirithiú nach gcuirfidh an carráiste pearsanra isteach ar chórais braite traenacha taobh riain, ba cheart sonraíochtaí a sholáthar i ndoiciméad teicniúil ERA. Saineofar iad sin ar bhealach lena gceadófar údarú uathúil an carráiste pearsanra gan gá rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1302/2014 a leasú dá réir sin.

(12) Ní chumhdaítear feithiclí atá beartaithe lena n-úsáid i dtraenacha a oibríonn seirbhísí tointeála chun gluaisteáin phríobháideacha agus leoraithe, in éineacht lena dtiománaithe agus a bpaisinéirí, a iompar. Na feithiclí sin - a iompraíonn tiománaithe agus paisinéirí fheithiclí bóthair - atá comhtháthaithe i dtraenacha a oibríonn seirbhísí tointeála le haghaidh feithiclí bóthair, ba cheart iad a bheith faoi réir forálacha eile an rialacháin seo maidir le feithiclí. Ní chumhdaítear, le STInna, feithiclí atá comhtháthaithe i dtraenacha a oibríonn seirbhísí tointeála a iompraíonn tiománaithe agus paisinéirí ar fheithiclí bóthair.

(13) Ós rud é nach bhfuil gá le hinniúlacht shonrach nua chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta nó ar fhíorú na bhfochóras, níor cheart go mbeadh aon athrú ann a mhéid a bhaineann leis na comhlachtaí a dtugtar fógra dóibh chun críocha Rialacháin (AE) 1302/2014.

(14) Leasófar Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ([4]) lena leagtar amach sonraíocht chlár na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid chun an cineál nua 'carráiste pearsanra' a áireamh.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 51(1) de Threoir (AE) 2016/797,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 1302/2014 ón gCoimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún an 4 Deireadh Fómhair 2011 maidir le clár Eorpach na gcineálacha údaraithe feithiclí iarnróid (a bhfuil fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2011) 6974),(IO L 264, 8.10.2011, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/665/oj).

Airteagal 2

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme 2011/665/AE ón gCoimisiún i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 1302/2014 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) I bpointe 2.2.2 'Rothstoc', cuirtear an mhír seo a leanas isteach ag deireadh phointe (A) (3):

'Is éard is Carráiste Pearsanra ann aonad atá in ann daoine a iompar ach nach bhfuil sé beartaithe é a úsáid le haghaidh seirbhíse do phaisinéirí'.

(2) I bpointe 2.3.1 'Cineálacha rothstoic', cuirtear an mhír seo a leanas isteach ag deireadh phointe (A) (3):

'Feithiclí iompair pearsanra (feithiclí iompair neamhphaisinéirí) a áirítear i dtraein nach n-oibríonn seirbhísí do phaisinéirí:

Cuimsítear leis an gcineál sin feithiclí gan tarraingt nach bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, a úsáidtear go príomha chun pearsanra a iompar (e.g. pearsanra tionlacain míleata, comhraiceoirí dóiteáin, pearsanra an bhainisteora bonneagair nó an ghnóthais iarnróid) agus atá beartaithe lena gcomhtháthú i dtraenacha nach mbíonn rochtain ag an bpobal orthu de ghnáth agus nach bhfuil ceaptha le haghaidh iompar paisinéirí; tá siad faoi raon feidhme an STI seo mar charráistí pearsanra, agus féadfar iad a údarú lena gcur ar an margadh gan a bheith teoranta do limistéar úsáide ar leith faoi réir na gcoinníollacha i bPointe 7.1.1.6.'

(3) I bpointe 4.2.12.2, cuirtear pointe (28) nua isteach tar éis phointe (27) mar a leanas:

'(28) Maidir le haonaid a chuireann na coinníollacha a shonraítear i bpointe 7.1.1.6. i bhfeidhm, soláthrófar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh an aonaid le ceanglais phointí (13), (15), (26), (27) de phointe 7.1.1.6.1.'

(4) Cuirtear pointe 7.1.1.6 nua isteach tar éis phointe 7.1.1.5.2:

'7.1.1.6 Coinníollacha maidir le húdarú cineáil feithicle agus/nó údarú chun carráistí pearsanra a chur ar an margadh nach bhfuil teoranta do limistéar úsáide ar leith.

(1) Tá feidhm ag pointe 7.1.1.6 maidir le carráistí pearsanra mar a shainmhínítear iad i bpointe 2.2.2(A) (3) faoi na coinníollacha a shainmhínítear i bpointe 2.3.1(A) (3),

(2) Na coinníollacha maidir le húdarú cineáil feithicle agus/nó údarú maidir le cur ar an margadh nach bhfuil teoranta do limistéar úsáide ar leith, sonraítear iad i bpointí 7.1.1.6.1, 7.1.1.6.2 agus 7.1.1.6.3 mar cheanglais bhreise atá le cumhdach i bhfíorú CE rothstoc an fhochórais. Measfar go bhfuil na coinníollacha sin comhlántach leis na ceanglais a shainítear san STI seo agus comhlíonfar iad ina n-iomláine.

(3) Níl feidhm ag pointe 7.1.1.5.

(4) Beidh cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh 1304/2014 ón gCoimisiún teoranta do na ceanglais maidir le torann ina stad agus torann dul thar bráid, ceanglais a mheasófar ar bhonn na teorainnluachanna is infheidhme maidir le hilaonaid díosail, mar a leagtar amach i bpointe 4.2.1., tábla 2 san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 1304/2014 ón gCoimisiún.

(5) Tá comhlíonadh na gcoinníollacha faoi phointe 7.1.1.6.1 éigeantach.

(6) Tá comhlíonadh na gcoinníollacha faoi phointe 7.1.1.6.2 roghnach agus ní bhíonn sé éigeantach ach amháin i gcás ina bheartaítear an carráiste pearsanra a úsáid in oibríocht ghinearálta.

(7) Tá comhlíonadh na gcoinníollacha faoi phointe 7.1.1.6.3 roghnach agus ní bhíonn sé éigeantach ach amháin i gcás ina bheartaítear an carráiste pearsanra a áireamh i dtraenacha paisinéirí.

7.1.1.6.1 Na coinníollacha is infheidhme maidir le carráistí pearsanra atá beartaithe lena n-úsáid i bhfoirmíochtaí réamhshainithe.

(1) Comhfhreagróidh an fheithicil d'aonad (mar a shainítear san STI seo) atá comhdhéanta d'fhochóras rothstoic agus dó sin amháin gan córas coiteann lastais ar bord a bheith suiteáilte.

(2) Tá an t-aonad gan tarraingt.

(3) Déanfar an t-aonad a dhearadh chun oibriú ar cheann amháin ar a laghad de na leithid rianta seo a leanas:

(a) 1 435 mm,

(b) 1 668 mm,

(c) 1 520 mm, 1 524 mm agus 1 600 mm. I gcás ina bhfuil feidhm ag cásanna sonracha i gcomhréir le caibidil 7 nó rialacha náisiúnta i gcomhréir leis na pointí oscailte a liostaítear in aguisín I, nach liostaítear in 7.1.1.6.1, eisiatar na haonaid ó úsáid an údaraithe nach bhfuil teoranta do limistéar úsáide ar leith.

(4) Beidh an t-aonad comhlíontach, de bhreis ar chatagóir rothstoic P-I, le catagóir F-I do gach cás fad-ualaigh de réir na sonraíochta dá dtagraítear in Aguisín J-1 innéacs [1]. Ina theannta sin, déanfar fíorú an oibrithe shábháilte faoi fadfhórsaí comhbhrúiteacha i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1 Innéacs [75].

(5) Beidh rothaí gaibhnithe agus rollta arna measúnú i gcomhréir le pointe 6.1.3.1 feistithe san aonad.

(6) Beidh rothaí a bhfuil trastomhas íosta a rothaí os cionn 760 mm feistithe san aonad.

(7) Beidh an t-aonad comhoiriúnach don chlaonadh iarnróid seo a leanas: 1/20, 1/30 agus 1/40. Eisiatar le neamh-chomhoiriúnacht le claonadh iarnróid amháin nó níos mó ná sin an gréasán nó na gréasáin lena mbaineann sa limistéar úsáide.

(8) Dearbhófar go gcomhlíonann an t-aonad ceann de na próifílí tagartha seo a leanas: G1, GA, GB, GC nó DE3 lena n-áirítear na cinn a úsáidtear don chuid íochtarach GI1, GI2 nó GI3.

(9) Beidh ualach uasta acastóra 22,5 tonna ag an aonad.

(10) Beidh uasluas níos ísle ná nó cothrom le 140 km/h ag an aonad.

(11) Beidh an t-aonad de chatagóir A ar a laghad mar a thagraítear i bpointe 4.1.4.

(12) Beidh an t-aonad feistithe le feistí féintarrthála do gach duine ar bord, a chomhlíonann sonraíochtaí phointe 4.7.1 de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2014 ón gCoimisiún.

(13) Níl sé éigeantach go mbeidh an t-aonad feistithe le córas cumarsáide inchloiste mar a shonraítear i bpointe 4.2.5.2. Sa chás sin, cuirfear modhanna oibríochtúla i bhfeidhm chun cumarsáid a áirithiú. Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh le pointe 4.2.5.2 a thaifeadadh sa doiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2.

(14) Beidh an t-aonad comhlíontach le pointe 4.2.5.3 seachas na pointí seo a leanas:

— Níl pointí 4.2.5.3.2 (3) go 4.2.5.3.2(5) infheidhme.

— Níl pointe 4.2.5.3.3 (1) infheidhme.

— Tá pointe 4.2.5.3.3 (2) infheidhme má tá an t-aonad ceangailte le hinneall féinghluaiste atá comhoiriúnach leis an gcomhartha gníomhachtaithe aláraim do phaisinéirí. Sa chás nach bhfuil an t-aonad ceangailte go díreach leis an inneall féinghluaiste, cuirtear an coscán éigeandála i ngníomh go huathoibríoch nuair a chuirtear an t-aláram i ngníomh.

— Níl pointe 4.2.5.3.4 infheidhme.

— Níl pointe 4.2.5.3.5 infheidhme.

— Níl pointe 4.2.5.3.6 infheidhme. Ina ionad sin, mura bhfuil an córas aláraim paisinéirí ag feidhmiú, tar éis don fhoireann é a leithlisiú d'aon ghnó nó mar gheall ar chliseadh teicniúil, cuirfear é sin in iúl i gcónaí don phearsanra a iompraítear san aonad.

(15) Níl sé éigeantach go mbeidh an t-aonad feistithe le gléasanna cumarsáide do phaisinéirí mar a shonraítear i bpointe 4.2.5.4. Sa chás sin, cuirfear modhanna oibríochtúla i bhfeidhm chun cumarsáid a áirithiú. Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh le pointe 4.2.5.4 a thaifeadadh sa doiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2.

(16) Beidh an t-aonad comhlíontach le pointe 4.2.5.5 seachas na pointí seo a leanas:

— Is mar a leanas a léitear pointe 4.2.5.5.2 (6): ‘Chun críche an phointe seo, ciallaíonn ‘criú traenach’ ball amháin den fhoireann ar bord nó an pearsanra atá á iompar agus atá i gceannas ar na seiceálacha a bhaineann leis an gcóras dorais’.

— Níl pointe 4.2.5.5.7 infheidhme.

— Tá feidhm ag pointe 4.2.5.5.9 (1) gan srian luais maidir leis an bhfeiste. Bíonn sé gníomhach i gcónaí.

(17) Má tá bealaitheoirí feire feistithe san aonad, beifear ábalta iad a ghníomhachtú/a dhíghníomhachtú i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [A].

(18) Má tá coscán riain srutha guairneáin feistithe san aonad, beifear ábalta é a ghníomhachtú/a dhíghníomhachtú i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [A].

(19) Má tá coscán maighnéadach ráillí feistithe san aonad, beifear ábalta é a ghníomhachtú/a dhíghníomhachtú i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [A].

(20) Tástálfar aonaid a bhfuil córas coscánaithe EN-UIC feistithe iontu i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1 innéacs [71].

(21) Comhlíonfaidh an t-aonad an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [A].

(22) Comhlíonfaidh saintréithe an aonaid an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [F].

(23) Tabharfar tuairisc ar na comhéadain leictreacha idir aonaid agus ar phrótacail chumarsáide sa doiciméadacht ghinearálta ar a dtugtar tuairisc i bpointe 4.2.12.2 (3a), mar aon leis an tagairt do na caighdeáin nó do dhoiciméid normatacha eile a cuireadh i bhfeidhm.

(24) Maolófar an riosca go gcuirfidh trealamh leictreach ar bord isteach ar na córais braite traenacha taobh riain trí chomhdhéanamh traenach. Má tá nasc leictreach idir an carráiste agus an t-inneall féinghluaiste, meastar gur toimhde comhlíontachta é úsáid uasmhéid de dhá cheann de na haonaid seo i dtraein faoi thiomáint ag inneall féinghluaiste amháin ar a mhéad, má tá an chuid eile de chomhdhéanamh na traenach gan cumhacht leictreach.

(25) Comhlíonfaidh líonraí cumarsáide na sonraíochtaí dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [53].

(26) Maidir le haonaid atá deartha chun oibriú ar leithead rianta 1 435 mm, cuirfear na cásanna sonracha seo a leanas san áireamh freisin:

(a) Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le faireachán ar staid imthacaí na n-acastóirí le trealamh thaobh na líne mar a leagtar amach i bpointe 7.3.2.3 a thaifeadadh sa dhoiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2. I gcás nach gcomhlíontar na ceanglais, eisiafar an Fhrainc agus/nó an tSualainn ón limistéar úsáide.

(b) Maidir le haonaid a bhfuil sé beartaithe iad a oibriú sa Ghearmáin ar línte ag a bhfuil grádán os cionn 40 ‰, déanfar comhlíonadh/neamh-chomhlíonadh na gceanglas a shainítear sa doiciméad dá dtagraítear in innéacs D d’Aguisín J-2 [D] a thaifeadadh sa dhoiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2. Ní chuirtear cosc le neamhchomhlíonadh ar rochtain an aonaid ar an ngréasán náisiúnta.

(c) Maidir le haonaid atá beartaithe lena n-oibriú san Ostair ar línte sonracha a shainaithnítear sa doiciméad dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [G], chun go n-oibreofar go sábháilte iad ar na línte sin, fíorófar toilleadh teirmeach an choscáin leis an gcás tagartha seo a leanas: Critéir Tauern Theas: fána de ghrádán seasmhach de 28 % thar achar 25 km agus uasluas de 100/110 km/h. Ní chuireann neamhchomhlíonadh cosc ar rochtain an aonaid ar an ngréasán náisiúnta ach cuireann sé teorainn le rochtain ar na ranna sonracha sin.

(d) Maidir le haonaid atá beartaithe lena n-oibriú san Ostair, leis an bhfíorú ar an gceanglas maidir leis an ngeoiméadracht teagmhála idir na rothaí agus na ráillí, breithneofar de bhreis ar phointe 4.2.3.4.3, na saintréithe líonra seo a leanas:

$$V \leq 160 \text{ km/u: } 0,7 \leq \tan \gamma e < 0,8$$

Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh leis na ceanglais a thaifeadadh sa doiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2. I gcás nach gcomhlíonfar na ceanglais, beidh teorainn le luas na feithicle.

(e) Maidir le haonaid atá beartaithe lena n-oibriú sa Ghearmáin, leis an bhfíorú ar an gceanglas maidir leis an ngeoiméadracht teagmhála idir na rothaí agus na ráillí, breithneofar de bhreis ar phointe 4.2.3.4.3, na saintréithe líonra seo a leanas:

$$V \leq 160 \text{ km/u: } \tan \gamma e \leq 0,8;$$

Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh leis na ceanglais a thaifeadadh sa doiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2. I gcás nach gcomhlíonfar na ceanglais, beidh teorainn le luas na feithicle.

(f) Maidir le haonaid atá beartaithe lena n-oibriú san Ostair, fíorófar an tsábháilteacht oibrithe ar rian le cuair le ga cuair níos lú ná 250 m i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [9]. Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh leis na ceanglais a thaifeadadh sa doiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2. Is é an toradh a bheidh ar neamhchomhlíonadh na gceanglas go gcuirfear teorainn leis an rochtain ar na bealaí a shainaithnítear sa doiciméad dá dtagraítear in Aguisín J-2 innéacs [G].

(27) Maidir le haonaid atá deartha lena n-oibriú ar leithid rianta 1 668 mm, tá comhlíonadh le pointí 7.3.2.5 agus 7.3.2.6 éigeantach agus breithneofar na cásanna sonracha seo a leanas:

(a) Déanfar comhlíonadh/neamhchomhlíonadh leis an gcás sonrach maidir le bógaithe atá deartha lena n-oibriú ar leithead rianta 1 668 mm a shainítear i bpointe 7.3.2.5a a thaifeadadh sa doiciméadacht theicniúil a bhfuil tuairisc uirthi i bpointe 4.2.12.2. Mar gheall ar neamhchomhlíonadh eisiafar gréasán leithead rianta 1 668 mm na Spáinne ón limistéar úsáide.

(28) Beidh srianta ar úsáid an ghréasáin ar sainíodh an coinníoll sonrach ina leith mar thoradh ar neamhchomhlíonadh aon choinníll shonraigh comhshaoil a leagtar amach i bpointe 7.4, ach ní eisiafar an gréasán sin ón limistéar úsáide.

(29) Déanfar an t-aonad a mharcáil i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [5].

(30) Maidir le carráistí pearsanra, gníomhachtóidh brath dóiteáin aláram fuaime agus optúil sa charráiste iomlán. Beidh an comhartha fuaime leordhóthanach chun an pearsanra atá á iompar a dhúiseacht. Beidh an comhartha infheicthe go soiléir agus inchloiste sa limistéar inar dearadh é chun foláireamh a thabhairt.

7.1.1.6.2 Coinníollacha roghnacha breise is infheidhme maidir le carráistí pearsanra atá beartaithe lena n-úsáid in oibríocht ghinearálta.

(1) Tá feidhm ag na coinníollacha seo de bhreis ar phointe 7.1.1.6.1.

(2) Tá comhlíonadh na sraithe coinníollacha seo a leanas a leagtar amach i bpointí (2) go (10) roghnach agus tá sé mar aidhm leis malartú aonad atá beartaithe lena n-úsáid laistigh d'fhoirmíochtaí traenacha nach bhfuil sainithe ag an gcéim deartha a éascú, i.e. aonaid le haghaidh oibríochtaí ginearálta. Ní áirithítear le comhlíonadh na bhforálacha sin idir-inoibritheacht iomlán aonad agus ní dhíolmhaítear leis an gnóthas iarnróid óna fhreagrachtaí maidir le húsáid na n-aonad sin i bhfoirmíocht traenach mar a shainítear i bpointe 6.2.7. Má roghnaíonn an t-iarratasóir an rogha sin, déanfaidh comhlacht a dtugtar fógra dó measúnú ar an gcomhlíonadh laistigh den nós imeachta maidir le fíorú CE. Déanfar é sin a thuairisciú sa deimhniú agus sa doiciméadacht theicniúil.

(3) Déanfar an t-aonad a fheistiú le córas cúplála láimhe mar a shainítear i bpointí 4.2.2.2.3(b) agus 5.3.2.

(4) Déanfar an t-aonad a fheistiú le córas coscánaithe EN-UIC mar a shainítear sa tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [12] agus innéacs [70]. Déanfar an córas coscánaithe a thástáil i gcomhréir leis an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [71].

(5) Comhlíonfaidh an t-aonad ceanglais an STI seo laistigh den raon teochta T1 ar a laghad (– 25 °C go + 40 °C; ainmniúil) mar a shainítear i bpointe 4.2.6.1 agus sa tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [18].

(6) Soláthrófar na cúlsoilse arna n-iarraidh i bpointe 4.2.7.1 le cúlsoilse daingnithe.

(7) Má tá geata bordála feistithe ar an aonad, comhlíonfaidh an geata bordála an tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [54].

(8) Comhlíonfaidh soláthar cumhachta 'cuaille aonair' pointe 4.2.11.6 (2).

(9) Áiritheofar leis an gcomhéadan fisiceach idir aonaid don tarchur comhartha go mbeidh cábla agus plocóid líne amháin ar a laghad comhoiriúnach leis an gcábla 18-seoltóir a shainítear i bpláta 2 den tsonraíocht dá dtagraítear in Aguisín J-1, innéacs [61].

(10) Beidh an feiste rialaithe dorais a shonraítear i bpointe 4.2.5.5.3 i gcomhréir leis na sonraíochtaí ar a dtugtar tuairisc in Aguisín J-1 innéacs [17].

7.1.1.6.3 Coinníollacha is infheidhme maidir le carráistí pearsanra atá beartaithe a áireamh i dtraenacha paisinéirí.

(1) Tá feidhm ag na coinníollacha sin i dteannta phointí 7.1.1.6.1 agus 7.1.1.6.2 maidir le haonaid is féidir a chur san áireamh, nuair nach bhfuil aon duine istigh iontu, i dtraein paisinéirí.

(2) Meastar gur toimhde comhlíontachta é comhdhéanamh traenach a bhfuil an carráiste pearsanra ag deireadh na traenach agus gan cumhacht leictreach.

(3) Bainfidh an t-aonad le catagóir A nó le catagóir B. Feisteofar aonaid de chatagóir B le deighiltí trasghearrtha iomlána i gcomhréir le pointe 4.2.10.3.4 (3).'

(5) Leasaítear pointe 7.3.2.3 mar a leanas:

Maidir le cás sonrach na Sualainne, leasaítear tábla 19 mar a leanas:

'Tábla 19

Crios sprice agus crios coiscthe d'aonaid a mbeartaítear iad a oibriú sa tSualainn

Y_{TA} [mm]	W_{TA} [mm]	L_{TA} [mm]	Y_{PZ} [mm]	W_{PZ} [mm]	L_{PZ} [mm]
905 ± 20	≥ 40	iomlán	905	≥ 100	≥ 500'

(6) In Aguisín J, leasaítear tábla J-1 mar a leanas:

'**[1]**	**EN 12663-1:2010+A1:2014** **Feidhmeanna iarnróid - Ceanglais struchtúracha maidir le cabhlacha feithiclí iarnróid - Cuid 1: Innill fhéinghluaiste agus rothstoc paisinéirí (agus modh malartach le haghaidh vaigíní lasta)**		
[1,9]	Neart struchtúrach	7.1.1.6.1 (4)	5.2
[5]	**EN 15877-2:2013** **Feidhmeanna iarnróid - Marcálacha feithiclí iarnróid - Cuid 2: Marcálacha seachtracha ar chóistí, ar aonaid chumhachta gluaisní, innill fhéinghluaiste agus meaisíní iarnróid**		
[5,2]	Cóistí a bheartaítear a úsáid in oibríocht ghinearálta Carráistí pearsanra atá beartaithe lena n-úsáid i bhfoirmíochtaí réamhshainithe	7.1.1.5.1 (23) 7.1.1.6.1 (29)	4.4

[9]	**EN 14363:2016+A2:2022** **Feidhmeanna iarnróid - Tástáil agus Insamhlú maidir le glacadh le saintréithe oibrithe feithiclí iarnróid - Iompraíocht Oibrithe agus tástálacha feithiclí ina staid**		
[9,12]	Iompraíocht dinimiciúil oibrithe ar chuar le ga cuair níos lú ná 250 m	7.1.1.6.1 (26)(f)	4, 5, 7
[12]	**EN 14198:2016+A1:2018+A2:2021** **Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Ceanglais maidir le córas coscánaithe traenacha a tharraingíonn innill fhéinghluaiste**		
[12,2]	Cóistí a bheartaítear a úsáid in oibríocht ghinearálta Carráistí pearsanra a bheartaítear lena n-úsáid in oibríocht ghinearálta	7.1.1.5.2 (3) 7.1.1.6.2 (4)	5.3.2.6, 5.4
[17]	**EN 14752:2019+A1:2021** **Feidhmeanna iarnróid - Córais iontrála cois taobh cabhlach le haghaidh rothstoic**		
[17,4]	Cóistí atá beartaithe le húsáid in oibríocht ghinearálta – feiste rialaithe dorais Carráistí pearsanra atá beartaithe lena n-úsáid in oibríocht ghinearálta – feiste rialaithe dorais	7.1.1.5.2 (9) 7.1.1.6.2 (10)	5.1.1, 5.1.2, 5.1.5, 5.1.6
[18]	**EN 50125-1:2014** **Feidhmeanna iarnróid - Dálaí comhshaoil maidir le trealamh - Cuid 1: Rothstoc agus trealamh ar bord**		
[18,3]	Dálaí comhshaoil – teocht	7.1.1.5.2 (4) 7.1.1.6.2 (5)	4.3
[54]	**EN 16286-1:2013** **Feidhmeanna iarnróid - Córas geataí bordala idir feithiclí - Cuid 1: Príomhfheidhmeanna**		
[54,1]	Naisc idirchumarsáide idir feirí agus geataí bealaí	7.1.1.5.2 (6) 7.1.1.6.2 (7)	Iarscríbhinní A agus B
[53]	**IEC 61375-1:2012** **Trealamh iarnróid leictreonaigh - Líonra cumarsáide iarnróid (TCN)- Cuid 1: Ailtireacht ghinearálta**		
[53,1]	Líonraí cumarsáide	7.1.1.5.1 (18) 7.1.1.6.1 (25)	5, 6
[61]	**IRS UIC 50558:2017** **Feidhmeanna Iarnróid - Rothstoc - Comhéadain cianrialaithe agus cáblaí sonraí - Gnéithe teicniúla caighdeánacha**		
[61,1]	Comhéadan fisiciúil idir aonaid don tarchur comharthaí	7.1.1.5.2 (8) 7.1.1.6.2 (9)	7.1.1

[70]	**UIC 541-6:2010-10** **Coscáin - Coscán leictreach (coscán EP) agus Comhartha aláraim paisinéirí (PAS) le haghaidh feithiclí a úsáidtear i gcomhdhéanaimh a tharraingtítear**		
[70,1]	Cóistí a bheartaítear a úsáid in oibríocht ghinearálta Carráistí pearsanra a bheartaítear lena n-úsáid in oibríocht ghinearálta	7.1.1.5.2 (3) 7.1.1.6.2 (4)	3, 7
[71]	**EN 17065:2018** **Feidhmeanna iarnróid - Coscánú - Nós imeachta um thástáil cóistí paisinéirí**		
[71,1]	Cóistí atá beartaithe lena n-úsáid i bhfoirmíochtaí réamhshainithe Carráistí pearsanra atá beartaithe lena n-úsáid i bhfoirmíochtaí réamhshainithe Carráistí pearsanra a bheartaítear lena n-úsáid in oibríocht ghinearálta	7.1.1.5.1 (13) 7.1.1.6.1 (20) 7.1.1.6.2 (4)	5, 6
[75]	**EN 15839:2024** ***Feidhmeanna iarnróid - Tástáil agus ionsamhlú maidir le glacadh le saintréithe oibrithe feithiclí iarnróid - Sábháilteacht oibrithe faoi fadfhórsa comhbhrúiteach***		
[75,1]	Fíorú an oibrithe shábháilte faoi fadfhórsaí comhbhrúiteacha	7.1.1.6.1 (4)	Uile’

(7) In Aguisín J, leasaítear tábla J-2 mar a leanas:

‘**[A]**	**ERA/ERTMS/033281 - V 5.0** **Comhéadain idir an Fochóras um Rialu agus Ceannas agus um Chomharthaíocht Taobh Riain agus Fochórais eile** **STI CCS, Aguisín A, Tábla A 2, innéacs [77]**		
Coinníollacha maidir le húdarú uathúil **Na coinníollacha is infheidhme maidir le carráistí pearsanra atá beartaithe lena n-úsáid i bhfoirmíochtaí réamhshainithe**			7.1.1,5 7.1.1,6
[A.22]	Aonad ina bhfuil bealaitheoirí feire feiste	7.1.1.5 (10) 7.1.1.6.1 (17)	3.1.5
[A.23]	Aonad ar a bhfuil coscán riain srutha guairneáin feistithe	7.1.1.5.1 (11) 7.1.1.6.1 (18)	3.2.3
[A.24]	Aonad ar a bhfuil coscán maighnéadach ráillí feistithe	7.1.1.5.1 (12) 7.1.1.6.1 (19)	3.2.3
[A.25]	Dearadh an aonaid	7.1.1.5.1 (15) 7.1.1.6.1 (21)	3.1
[D.1]	Aonaid atá beartaithe chun oibriú sa Ghearmáin ar línte ar mó a ngrádán ná 40 ‰	7.1.1.5.1 (20)(f) 7.1.1.6.1 (26)(b)	Cl ábhartha.

[F]	**Ceanglais maidir le Carráistí Pearsanra lena n-áirithítear comhoiriúnacht le córais braite traenacha ERA/TD/2025-01/PECA v1.0**		
[F.1]	Comhoiriúnacht carráistí pearsanra le córais braite traenacha	7.1.1.6.1 (22)	Uile
[G]	**Anforderungskatalog Triebfahrzeuge, Triebzüge und Reisezugwagen ÖBB-INFRA RW 50.02.01 (leagan 27.06.2024)**		
[G.1]	Toilleadh teirmeach an choscáin	7.1.1.6.1 (26)(c)	6.1.3
[G.2]	Sábháilteacht oibrithe ar chuar le ga cuair níos lú ná 250 m	7.1.1.6.1 (26) (f)	Foscríbhinn 6’

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/665/CE mar a leanas:

Leasaítear an tábla in Iarscríbhinn III mar a leanas:

Sa cholún ‘catagóir’, cuirtear ‘feithiclí tarlaithe’ in ionad an dara catagóir “feithiclí tarlaithe do phaisinéirí” agus i gcás chód 32 sa cholún ‘fochatagóir’ cuirtear ‘Carráiste pearsanra’ in ionad ‘Forchoimeádta’.